2024/2169

20.8.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2169 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Lúnasa 2024

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2119 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Rómáin

(a tugadh fógra faoi le doiciméad C(2024) 5933)

(Is é an téacs Rómáinise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag a bhíonn ar ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráige d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag in ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach, tá riosca suntasach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, déantar foráil in Airteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(4) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2119 ón gCoimisiún ([4]) ar bhonn Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Rómáin. Go sonrach, déantar foráil le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2119, maidir leis na criosanna cosanta agus faireachais agus na criosanna srianta breise atá le bunú ag an mBallstát sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, tar éis ráigeanna den ghalar sin, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca nach beag ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2119 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2024 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Rómáin (IO L 2024/2119, 30.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2119/oj).

(5) Tar éis ghlacadh Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2119, thug an Rómáin fógra don Choimisiún faoi 26 ráig bhreise d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag i mbunaíochtaí ina raibh ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair á gcoimeád. Bhí 24 de na ráigeanna sin i gcontae Tulcea, ceann amháin i gcontae Constanta, agus ceann amháin eile i gcontae Timis. Dá thoradh sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, chomh maith leis na limistéir atá liostaithe mar chriosanna srianta breise le haghaidh na Rómáine, san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/119, leasaíodh iad le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2154 ón gCoimisiún ([5]).

(6) Ó bhí dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2154 ann, thug an Rómáin fógra don Choimisiún faoi 24 ráig bhreise d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe de chineál caorach agus/nó de chineál gabhair, 19 de na ráigeanna sin i gcontae Tulcea, 4 ráig i gcontae Constanta agus ráig amháin i gcontae Ialomita. Tá na ráigeanna uile sin ann laistigh de na criosanna srianta breise atá bunaithe cheana féin, ach tá 2 ráig i gcontae Tulcea agus na ráigeanna i gcontaetha Constanta agus Ialomita ann lasmuigh de na criosanna cosanta agus faireachais atá bunaithe cheana féin.

(7) San iomlán, ó thús na heipidéime atá ann faoi láthair, tá fógra tugtha ag an Rómáin don Choimisiún faoi 56 ráig d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, ar bhraisle ar leith amháin ar a laghad iad na ráigeanna sin i gcontaetha Tulcea agus Constanta. Cé go bhfuil na ráigeanna nua uile ann laistigh d'imlíne sheachtarach na gcriosanna srianta breise atá bunaithe cheana féin, tá 2 ráig i gcontae Tulcea agus na ráigeanna i gcontaetha Constanta agus Ialomita ann lasmuigh de na criosanna cosanta agus faireachais atá bunaithe cheana féin.

(8) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise sa Rómáin san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2119, ba cheart iad a choigeartú a thuilleadh, ó thaobh spáis agus ama de, chun leathadh breise an ghalair sa Rómáin agus sa chuid eile den Aontas a chosc, agus ba cheart dátaí an réigiúnaithe a choigeartú. Dá réir sin, is gá liosta na gcriosanna srianta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a leasú.

(9) Ba cheart méid na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise agus fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin a bheith bunaithe ar na critéir a leagtar síos in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin agus staid eipidéimeolaíoch foriomlán an ionfhabhtaithe sin le plá na n-athchogantach beag sa Bhallstát lena mbaineann mar aon leis an leibhéal riosca maidir le leathadh breise an ghalair. Ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta an Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún ón an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe a chur san áireamh freisin i ndáil le fad na mbeart. Sa staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair, tá riosca an-ard ann go leathfaidh an galar a thuilleadh, go háirithe toisc, de réir na faisnéise a sholáthair an Rómáin, go bhfuil níos mó ná 15 000 caora á gcoimeád i gceann amháin de na bunaíochtaí atá buailte ag an ráig seo, agus go bhfuil níos mó ná 3 000 caora á gcoimeád i ngach ceann de dhá bhunaíocht eile. Ina theannta sin, is é seo an chéad uair a thuairiscítear ráig i gcontae Ialomita, in áit atá 80 km ón gcéad ráig a tuairiscíodh in Tulcea.

(10) De dheasca dhéine agus phráinn na staide eipidéimeolaíche agus chun leathadh an ghalair a theorannú láithreach, is gá a áirithiú nach dtarlóidh gluaiseachtaí ainmhithe ó na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise go cinn scríbe lasmuigh d'imlíne sheachtrach an chreasa shrianta breise, agus go n-eisiafar maoluithe a d'fhéadfadh a bheith ann ón toirmeasc ar ghluaiseachtaí ainmhithe ó na criosanna srianta a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ar feadh tréimhse áirithe ama, chun leathadh fad-achair an ghalair sin a chosc.

(11) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag agus an ghá atá ann cosc a chur ar leathadh an ghalair sin ó na bunaíochtaí atá buailte sa Rómáin go codanna eile den Bhallstát sin nó go Ballstáit eile, ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe atá le déanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2119 leis an gCinneadh seo a luaithe is féidir.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2154 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2119 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Rómáin (IO L 2024/2154, 7.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2154/oj).

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2119

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2119.

Airteagal 2

Seolaí

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Lúnasa 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

A. **Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar na ráigeanna deimhnithe**

Contae agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
Braisle chontae Tulcea RO-PPR-2024-00001 RO-PPR-2024-00002 RO-PPR-2024-00003 RO-PPR-2024-00004 RO-PPR-2024-00005 RO-PPR-2024-00007 RO-PPR-2024-00008 RO-PPR-2024-00009 RO-PPR-2024-00010 RO-PPR-2024-00011 RO-PPR-2024-00012 RO-PPR-2024-00013 RO-PPR-2024-00014 RO-PPR-2024-00015 RO-PPR-2024-00016 RO-PPR-2024-00017 RO-PPR-2024-00020 RO-PPR-2024-00021 RO-PPR-2024-00022 RO-PPR-2024-00024 RO-PPR-2024-00025 RO-PPR-2024-00026 RO-PPR-2024-00027 RO-PPR-2024-00028 RO-PPR-2024-00031 RO-PPR-2024-00032 RO-PPR-2024-00033 RO-PPR-2024-00034 RO-PPR-2024-00035 RO-PPR-2024-00037 RO-PPR-2024-00038 RO-PPR-2024-00039 RO-PPR-2024-00040 RO-PPR-2024-00041 RO-PPR-2024-00044 RO-PPR-2024-00045 RO-PPR-2024-00047 RO-PPR-2024-00048 RO-PPR-2024-00049 RO-PPR-2024-00050 RO-PPR-2024-00051 RO-PPR-2024-00052 RO-PPR-2024-00054 RO-PPR-2024-00055 RO-PPR-2024-00056 **Contae Constanta** RO-PPR-2024-00006	Crios cosanta: In the county of Tulcea, the following communes : — Babadag — Baia — Beidaud — Casimcea — Ceamurlia de Jos — Ciucurova — Frecatei — Izvoarele — Jurilovca — Mihai Bravu — Mihail Kogalniceanu — Nabant — Sarichioi — Slava Cercheza — Stejaru — Topolog — Valea Nucarilor In the county of Constanta, the following communes: — Cogealac — Corbu — Fantanele — Gradina — Istria — Mihai Viteazu — Sacele — Saraiu	31.8.2024

Contae agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
	Crios faireachais I: In the county of Tulcea, the following communes: — Bestepe — Cerna — Daeni — Dorobantu — Hamcearca — Horia — Isaccea — Mahmudia — Murighiol — Niculitel — Nufaru — Ostrov — Peceneaga — Somova — Tulcea — Valea Teilor — Carcaliu — Greci — Grindu — I.C. Bratianu — Jijila — Luncavita — Macin — Smardan — Turcoaia — Vacareni In the county of Constanta, the following communes: — Garliciu — Lumina — Mihail Kogalniceanu	9.9.2024

Contae agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
	— Navodari — Pantelimon — Saraiu — Targusor — Vulturu — Ciobanu — Crucea — Ghindaresti — Harsova — Horia — Nicolae Balcescu — Seimeni — Silistea — Topalu — Tortoman excluding the areas contained in any protection zone	
	Crios faireachais II: In the county of Tulcea, the following communes: — Babadag — Baia — Beidaud — Casimcea — Ceamurlia de Jos — Ciucurova — Frecatei — Izvoarele — Jurilovca — Mihai Bravu — Mihail Kogalniceanu — Nabant — Sarichioi	1.9.2024 – 9.9.2024

Contae agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
	— Slava Cercheza — Stejaru — Topolog — Valea Nucarilor In the county of Constanta, the following communes: — Cogealac — Corbu — Fantanele — Gradina — Istria — Mihai Viteazu — Sacele — Saraiu	
Contae Constanta RO-PPR-2024-00018	Crios cosanta: Those parts of the counties of Constanta and Ialomita, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 44.524861, Long. 28.048958 (2024/18)	17.8.2024
	Surveillance zone I, described for the country of Tulcea cluster above, including, as of 18.8.2024, the territory of the protection zone for outbreak RO-PPR-2024-00018.	9.9.2024
	Surveillance zone II, described for the country of Tulcea cluster above.	1.9.2024 – 9.9.2024
Contae Tulcea RO-PPR-2024-00029 RO-PPR-2024-00030	Crios cosanta: Those parts of the counties of Tulcea and Braila, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.306728, Long. 28.026842 (2024/29), Lat. 45.290295 Long. 28.005625 (2024/30)	22.8.2024
	Surveillance zone I, described for the country of Tulcea cluster above, including, as of 23.8.2024, the territory of the protection zone for outbreaks RO-PPR-2024-00029 and RO RO-PPR-2024-00030.	9.9.2024
	Surveillance zone II, described for the country of Tulcea cluster above.	1.9.2024 – 9.9.2024

Contae agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
Contae Tulcea RO-PPR-2024-00036	Crios cosanta: Those parts of the counties of Tulcea and Braila, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.245975, Long. 28.153673 (2024/36).	28.8.2024
	Surveillance zone I, described for the country of Tulcea cluster above, including, as of 29.8.2024, the territory of the protection zone for outbreak RO-PPR-2024-00036.	9.9.2024
	Surveillance zone II, described for the country of Tulcea cluster above.	1.9.2024 – 9.9.2024
Contae Constanta RO-PPR-2024-00042 RO-PPR-2024-00043	Crios cosanta: Those parts of the counties of Constanta and Ialomita, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 44.695055, Long. 27.94546 (2024/42), Lat. 44.695042, Long. 27.944414 (2024/43)	23.8.2024
	Surveillance zone I, described for the country of Tulcea cluster above, including, as of 24.8.2024, the territory of the protection zone for outbreaks RO-PPR-2024-00042 and RO-PPR-2024-00043.	9.9.2024
	Surveillance zone II, described for the country of Tulcea cluster above.	1.9.2024 – 9.9.2024
Contae Ialomita RO-PPR-2024-00053	Crios cosanta: Those parts of the counties of Ialomita, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 44.666486, Long. 27.705308 (2024/53)	28.8.2024
	Surveillance zone I, described for the country of Tulcea cluster above, including, as of 29.8.2024, the territory of the protection zone for outbreak RO-PPR-2024-00053.	9.9.2024
	Surveillance zone II, described for the country of Tulcea cluster above.	1.9.2024 – 9.9.2024
Contae Tulcea RO-PPR-2024-00046	Crios cosanta: Those parts of the counties of Tulcea, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.066804, Long. 28.400983 (2024/46)	29.8.2024

Contae agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
	Surveillance zone I, described for the country of Tulcea cluster above, including, as of 30.8.2024, the territory of the protection zone for outbreak RO-PPR-2024-00046.	9.9.2024
	Surveillance zone II, described for the country of Tulcea cluster above.	1.9.2024 – 9.9.2024
Contae Timis RO-PPR-2024-00019	Crios cosanta: Those parts of the counties of Timis and Caras-Severin, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.261807, Long. 21.451327 (2024/19)	21.8.2024
	Crios faireachais: Those parts of the counties of Timis and Caras-Severin, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.261807, Long. 21.451327 (2024/19), excluding the areas contained in any protection zone	30.8.2024
	Surveillance zone: Those parts of the counties of Timis and Caras-Severin, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.261807, Long. 21.451327 (2024/19)	22.8.2024 -30.8.2024

B. **Criosanna srianta breise**

Contae	Limistéir a áirítear sa chrios srianta breise sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
Contae Tulcea	The entire county of Tulcea, excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	9.10.2024
	The entire county of Tulcea	10.9.2024 – 9.10.2024
Contae Constanta	The following communes: — Adamclisi — Aliman — Cernavoda — Ciocarlia — Cogealac — Corbu	9.10.2024

Contae	Limistéir a áirítear sa chrios srianta breise sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
	— Constanta — Crucea — Cuza voda — Fantanele — Garliciu — Ghindaresti — Gradina — Harsova — Horia — Istria — Lumina — Medgidia — Mihai Viteazu — Mihai Kogalniceanu — Mircea voda — Navodari — Nicolae Balcescu — Ovidiu — Pantelimon — Pestera — Poarta Alba — Rasova — Sacele — Saligny — Saraiu — Seimeni — Silistea — Targusor — Topalu — Tortoman — Vulturu — Baneasa — Dobromir	

Contae	Limistéir a áirítear sa chrios srianta breise sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
	— Ion Corvin — Lipnita — Oltina — Ostrov excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	
	The following communes: — Adamclisi — Aliman — Cernavoda — Ciocarlia — Cogealac — Corbu — Constanta — Crucea — Cuza voda — Fantanele — Garliciu — Ghindaresti — Gradina — Harsova — Horia — Istria — Lumina — Medgidia — Mihai Viteazu — Mihai Kogalniceanu — Mircea voda — Navodari — Nicolae Balcescu — Ovidiu — Pantelimon — Pestera — Poarta Alba	10.9.2024 – 9.10.2024

Contae	Limistéir a áirítear sa chrios srianta breise sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
	— Rasova — Sacele — Saligny — Saraiu — Seimeni — Silistea — Targusor — Topalu — Tortoman — Vulturu — Baneasa — Dobromir — Ion Corvin — Lipnita — Oltina — Ostrov	
Contae Braila	The entire county of Braila, excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	9.10.2024
	The entire county of Braila	10.9.2024 – 9.10.2024
Contae Calarasi	The entire county of Calarasi.	9.10.2024
Contae Ialomita	The entire county of Ialomita, excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	9.10.2024
	The entire county of Ialomita.	10.9.2024 – 9.10.2024
Contae Galati	The entire county of Galati, excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	9.10.2024
	The entire county of Galati.	10.9.2024 – 9.10.2024
Contae Timis	The following communes — Banloc — Birda — Denta — Deta — Gataia — Ghilad	30.8.2024

Contae	Limistéir a áirítear sa chrios srianta breise sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
	— Giera — Jamu mare — Livezile — Moravita — Nitchidorf — Tormac — Voiteg excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	
	The following communes — Banloc — Birda — Denta — Deta — Gataia — Ghilad — Giera — Jamu mare — Livezile — Moravita — Nitchidorf — Tormac — Voiteg	31.8.2024 – 29.9.2024
Contae Caras-Severin	The following communes — Berliste — Berzovia — Bosca — Ciudanovita — Doclin — Dognecea — Forotic — Goruia — Gradinari — Lupac	30.8.2024

Contae	Limistéir a áirítear sa chrios srianta breise sa Rómáin dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
	— Maureni — Ocna de fier — Oravita — Racasdia — Ramna — Ticvaniu mare — Varadia — Vermes — Vrani excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	
	The following communes — Berliste — Berzovia — Bosca — Ciudanovita — Doclin — Dognecea — Forotic — Goruia — Gradinari — Lupac — Maureni — Ocna de fier — Oravita — Racasdia — Ramna — Ticvaniu mare — Varadia — Vermes — Vrani	31.8.2024 – 29.9.2024